

Critéir le haghaidh Measúnú

Critéir le haghaidh Measúnú: Ionaid agus Eagraíochtaí

- Comhlíonadh gach coinníoll cistithe a bhí i gceist roimhe seo go hiomlán agus go sásúil.
- Caighdeán an chláir ealaíonta
- Fianaise maidir le Forbairt Straitéiseach
- Inrochtaineacht do lucht féachana agus do rannpháirtithe fairsinge i dtaobh láithreach, costais, daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu agus daoine óga;
- Tiomantas arna thaispeáint do lucht féachana atá ag dul i méid agus i mbun éagsúlú agus do rannpháirtíocht phoiblí atá ag éirí níos doimhne;
- Rannchuidiú suntasach le forbairt ealaíonta agus ghairmiúil ealaíontóirí;
- Cur le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí áitiúla;

Critéir le haghaidh Measúnú: Féilte agus Imeachtaí

- Comhlíonadh gach coinníoll cistithe a bhí i gceist roimhe seo go hiomlán agus go sásúil.
- Féilte agus imeachtaí a bhfuil gníomhaíochtaí ealaíon ag croílár a gcláir.
- An fhéidearthacht go músclóidh an tionscadal suim an phobail sna healaíona; go ndéanfaidh sé eolas, léirtheiscint agus cleachtadh na n-ealaíon a chur chun cinn nó go gcabhróidh sé chun caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú.
- Tacú leis an bhféile nó leis an imeacht chun ealaíontóirí gairmiúla (gach foirm d'ealaíon) a fhostú, ealaíontóirí áitiúla ina measc, nuair is cuí.
- Féadfaidh an t-iarratasóir a thaispeáint go bhfuil gá agus éileamh ann maidir leis an bhféile nó an t-imeacht.
- Féadfaidh an t-iarratasóir a thaispeáint go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí soiléire ag an bhféile nó ag an imeacht, go bhfuil sé dea-phleanáilte, dea-phoiblithe agus dea-bhainistithe agus go mbaineann sé luach ar airgead amach.

Téarmaí agus Coinníollacha

- **Rialachas:**
 - Más Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta atá san eagraíocht, caithfidh sé Acht na gCuideachtaí, 2014 a chomhlíonadh.
 - Más carthanas atá san eagraíocht, caithfidh sé a bheith cláraithe leis an Údarás Rialála Carthanas.
- Bainistíocht fhóna airgeadais a léiriú.
- Caithfear cuntais iniúchta a sholáthar sa chás go sáraíonn deontais €10,000.
- Ní thabharfar cúnamh ach maidir le gníomhaíochtaí ar leith a thosaítear i ndiaidh Eanáir 2018, seachas i dtreo fiachas a bhí i gceist roimhe seo a íoc. Déanfar fóirdheontas a íoc i ndiaidh go gcuirtear in iúl i scríbhinn go nglactar le tairiscint deontais agus i ndiaidh comhaontú a dhéanamh ar Mheabhrán Tuisceana.
- Caithfidh faighteoirí cúnamh deontais ról urraíochta Chomhairle Contae Shligigh a aithint trí shuaitheantas agus lógó Chomhairle Contae Shligigh a chur san áireamh ar gach láithreán gréasáin, bróisiúr, póstaer agus clár. Má theipeann orthu ról urraíochta na comhairle a aithint, d'fhéadfadh go ndéanfaí aon tairiscint deontais a aistarraingt.
- Déantar breithniú ar gach iarratas ar chistiú gach bliain.

Achomhairc

- Ní sholáthrófar aiseolas ach ar iarraidh sin i scríbhinn. Caithfear iarrataí ar aiseolas agus ar achomhairc a dhéanamh i scríbhinn tráth nach déanaí ná 14 lá i ndiaidh tairiscint a fháil nó i ndiaidh go ndiúltaítear an t-iarratas. Déileálfar le hachomhairc laistigh de dhá mhí.
- Tá Comhairle Contae Shligigh faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997 agus 2003. Má mheasann tú go bhfuil aon fhaisnéis a thugann tú íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de nó rúnda i dtaobh cineáil de, ba cheart seo a thabhairt chun solais agus ba cheart na cúiseanna atá leis an íogaireacht a shonrú. Sna cásanna siúd, scrúdófar an t-ábhar a bhíonn i gceist, mar fhreagairt ar iarraidh ar Shaoráil Faisnéise, i gcomhthéacs na ndíolúintí a bhforáiltear dóibh sna hAchtanna.